# Cosaint

# Sonraí Pearsanta

Cód Cleachtais

***"Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint."***

***(An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)***

# Clár na nÁbhar


**Prionsabail maidir le Cosaint Sonraí**

**Réamhrá**

**Cód Cleachtais maidir le Cosaint Sonraí**

**An Fhreagracht atá ar Fhostaithe**

**Socruithe rialachais**

**Prótacal maidir le haon Sárú a**

**Thuairisciú Clárú**

Aguisín 1
Liosta sainmhínithe ar fhocail shonracha nó frásaí sonracha a úsáidtear maidir le cosaint sonraí pearsanta, dá dtagraítear sa Chód Cleachtais

Aguisín 2
Cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí agus teagmhálaithe

# Prionsabail maidir le Cosaint Sonraí

**1 Trédhearcacht**

**2 Teorannú de réir cuspóra**

**3 Méid na sonraí a íoslaghdú**

**4 Cruinneas**

**5 Coinneáil agus stóráil**

**6 Slándáil agus rúndacht**

# Réamhrá

Faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tugadh isteach cearta feabhsaithe do na daoine is ábhar do na sonraí maidir lena gcuid faisnéise agus a gcuid sonraí pearsanta a chosaint. Leagaimid féin agus na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchóireacht orthu tábhacht ollmhór le slándáil agus cosaint na faisnéise pearsanta a bhailímid agus a bhíonn ar seilbh againn. Tá sé ríthábhachtach go gcloífimid leis na caighdeáin is airde maidir le sonraí rúnda a chosaint agus maidir le muinín asainn a chothú i measc an phobail.

Is í an fhaisnéis is bonn leis an seoladh gnó dúinn toisc go mbíonn an obair a dhéanaimid bunaithe ar ghnáthaimh faoina ndéantar scrúdú ar dhoiciméid, ar fhiosruithe ó riarthóirí, ar chigireachtaí agus ar dheimhnithe ó thríú páirtithe. Is foinse phríomhúil fianaise iad taifid an chomhlachta iniúchta. Is faisnéis phearsanta iad na taifid sin agus na doiciméid ghaolmhara a mhéid a bhaineann siad le daoine beo. Tugadh ceart reachtúil dúinn maidir le rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis chun a chinntiú go mbímid in ann gníomhú go héifeachtach i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla.

Bítear ag súil go gcaithfidh gach duine againn le faisnéis phearsanta leis an gcúram is mó is féidir agus go bhféachfaimid chuige nach ndéanfar í a rochtain ach amháin nuair is gá sin chun críocha iniúchtaí agus scrúduithe a dhéanaimid. Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne freagracht phearsanta a ghlacadh as féachaint chuige nach ndéanfar sonraí a rochtain ná a nochtadh go míchuí.

Déantar ár n-oibleagáidí maidir le sonraí a chosaint a threisiú trí raon forálacha reachtacha agus forálacha riaracháin arb ann dóibh chun cearta agus leasanna saoránach agus gnólachtaí a chosaint. Áirítear leis na forálacha sin an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, na caighdeáin eiticiúla ghairmiúla agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, lena gcruthaítear oibleagáidí maidir le rúndacht sonraí oifigiúla agus cosaint taifead i gcoinne rochtain neamhúdaraithe, úsáid neamhriachtanach, athrú, scrios nó nochtadh.

Léirítear leis an gCód seo an dea-chleachtas maidir le cosaint na faisnéise atá ar seilbh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Colette Drinan**
**Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta**

# Cód Cleachtais maidir le Cosaint Sonraí

**Cuspóir**

I gcomhthéacs na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, is é is aidhm leis an gCód Cleachtais seo a chinntiú go bhfuil tuiscint ag na fostaithe go léir de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) ar choincheapa a bhaineann le Cosaint Sonraí agus go bhfuil siad ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu féin. Cabhróidh sé sin leis an Oifig na hAchtanna a chomhlíonadh. Tá feidhm ag an gCód seo maidir leis na taifid go léir arna ngineadh nó arna bhfáil ag an Oifig, ina bhfuil faisnéis phearsanta a bhaineann le daoine aonair.

Ciallaíonn sonraí pearsanta sonraí a bhaineann le duine aonair beo is aitheanta nó is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta faisnéis eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí, nó ar dócha go mbeidh sí i seilbh an rialaitheora sonraí. Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, ní mór catagóirí áirithe sonraí a bheith cláraithe leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí.

Tá an pobal i gcoitinne agus na comhlachtaí iniúchta i dteideal a fhios a bheith acu go bhfuil a gcuid faisnéise á próiseáil chun críocha dlisteanacha agus nach nochtfar í ach amháin nuair a cheadaítear é sin faoin dlí. Cuirfidh an Oifig i bhfeidhm na nósanna imeachta seo a leanas chun a chinntiú go gcomhlíontar ocht bprionsabal na Cosanta Sonraí.

Tá sé phrionsabal lárnacha leagtha amach in Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- trédhearcacht
- teorannú de réir cuspóra
- méid na sonraí a íoslaghdú
- cruinneas
- teorannú maidir le coinneáil agus stóráil
- slándáil agus rúndacht.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais conas a chuirimid na prionsabail sin i bhfeidhm agus an méid a bhfuiltear ag súil leis ónár bhfoireann.  Leagtar amach sa Chód freisin na socruithe cuntasachta maidir le cosaint sonraí laistigh den Oifig.

# Prionsabal 1 – trédhearcacht

**déantar próiseáil sonraí ar bhonn trédhearcach agus cuirtear faisnéis áirithe ar fáil do na daoine is ábhar do na sonraí maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta**

Déanaimid sonraí a bhailiú, a bheith ar seilbh againn agus a phróiseáil de réir ár bhfeidhmeanna reachtacha i dtaobh iniúchadh, scrúdú nó cigireacht a dhéanamh, nó i ndáil le hoibríochtaí riaracháin na hOifige.

Bíonn sé i gceist le hiniúchadh rochtain a fháil ar phíosaí éagsúla faisnéise agus iad a thástáil, mar shampla, íocaíochtaí a rinne comhlachtaí iniúchta le daoine aonair. Tá sé d'údarás ag an bhfoireann faisnéis agus mínithe a theastaíonn chun críche ár gcuid oibre a iarraidh. Faoi Alt 10 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tugtar dúinn an t-údarás reachtúil chun sonraí a bhailiú, agus faoi Alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 tugtar dúinn an t-údarás chun an fhaisnéis sin a phróiseáil.

Táimid tiomanta do chaitheamh mar fhaisnéis faoi rún leis an fhaisnéis a thugtar dúinn agus d'fhéachaint chuige nach n-úsáidfear ná ní nochtfar í ach amháin mar a fhoráiltear leis an dlí. Déanfar iarrataí a éileamh i gcomhréir le plean agus cur chuige iniúchóireachta arna n-údarú ag bainisteoir.

Ní úsáidimid faisnéis phearsanta ach amháin chun na críocha dar tugadh dúinn í, nó chun críocha a bhaineann go díreach lenár bhfeidhmeanna reachtúla.

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá cearta ag duine is ábhar do na sonraí ina leith seo:

- Faisnéis (mar shampla, an cuspóir nó na cuspóirí dá bhfuil na sonraí á bpróiseáil);
- Faisnéis rochtana (mar shampla, sonraí faoi nó fúithi atá ar seilbh);
- Ceartú sonraí pearsanta;
- Sonraí a scriosadh (an ceart sonraí a dhearmad);
- Próiseáil a shrianadh;
- Inaistritheacht sonraí agus agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála agus
- Gan a bheith faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe i leith duine

# Prionsabal 2 teorannú de réir cuspóra

ní dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin chun na críche (na gcríoch) ar leith dár bailíodh iad (agus le haghaidh cuspóir nó cuspóirí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcuspóir nó na cuspóirí bunaidh)

Faoi chaighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta, ceanglaítear orainn fianaise a fháil agus a choinneáil, lena n-áirítear páipéir oibre, chun tacú lenár dtuairimí faoi ráitis airgeadais agus chun tacú le torthaí agus conclúidí sna tuarascálacha maidir le scrúduithe ar luach ar airgead.

Ní úsáidimid faisnéis phearsanta ach amháin chun na críocha dar tugadh dúinn í, nó chun críocha a bhaineann go díreach lenár bhfeidhmeanna reachtúla. Ní thugaimid í do ranna rialtais eile, do chomhlachtaí eile ná do dhuine ar bith eile ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- thoiligh an duine leis sin;
- bheadh an duine ag súil leis go réasúnach, nó dúradh leis nó léi, go ndéantar faisnéis den sórt sin a chur ar aghaidh de ghnáth chuig na daoine, na ranna nó na comhlachtaí sin;
- ceanglaítear nó údaraítear é ar shlí eile faoin dlí; nó
- tá gá réasúnach leis chun an dlí coiriúil a fhorfheidhmiú nó chun ioncam poiblí a chosaint.

Chun críocha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, ní hionann an phróiseáil a dhéanann conraitheoirí ar shonraí pearsanta thar ceann na hOifige agus nochtadh. Ní mór d'aistrithe den sórt sin a bheith faoi réir comhaontuithe cuí conarthacha, áfach, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le cosaint sonraí agus socruithe sonracha i dtaobh slándáil sonraí agus diúscairt/coinneáil sonraí. Tugtar treoir dár mbaill foirne trí mheán nósanna imeachta oibriúcháin maidir le haistriú sonraí agus maidir leis na freagrachtaí atá ar chonraitheoirí agus ár gcuid sonraí á láimhseáil acu.

# Prionsabal 3 méid na sonraí a íoslaghdú

**Bíonn bailiú sonraí pearsanta teoranta don mhéid atá leordhóthanach, riachtanach agus ábhartha chun na gcuspóirí dár bailíodh iad**

Leagtar síos sna caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta na nósanna imeachta atá le glacadh ag iniúchóirí chun fianaise leordhóthanach, chuí a fháil chun críche a gcuid oibre.  Eisímid treoir don fhoireann agus cuirimid oiliúint orthu chun cloí le caighdeáin iniúchóireachta agus leis an bprionsabal cosanta sonraí sin. Leagtar béim sa treoir ar an ngá atá ann go gcinnteoidh baill foirne gurb í an fhaisnéis atá á hiarraidh an t-íosmhéid is gá chun an cuspóir tástála a bhaint amach i ndáil le hiniúchadh nó scrúdú.

I gcás ina n-iarrtar tacair mhóra sonraí nó tacair iomlána sonraí lena n-áirítear faisnéis phearsanta i gcomhair samplála nó anailíse,

- déanfaidh Leas-Stiúrthóir na hiarrataí a údarú
- beidh na sonraí ar seilbh ar líonra TF na hOifige nó ar líonra TF an chomhlachta iniúchta
- fágfaidh an comhlacht iniúchta go mbeidh an tacar sonraí anaithnid nuair is féidir é.

# Prionsabal 4 cruinneas

**ní mór sonraí pearsanta a bheith cruinn agus iad a choimeád cothrom le dáta, agus gach beart réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta nach bhfuil cruinn a scriosadh nó a cheartú**

Bailímid agus próiseálaimid faisnéis phearsanta chun críocha riaracháin lena n-áirítear faisnéis maidir le fostaithe agus iarfhostaithe dár gcuid, soláthraithe agus daoine eile a mbímid i dteagmháil leo. Ina theannta sin, bíonn rochtain ag an bhfoireann ar a gcuid sonraí pearsanta atá ar seilbh ar chórais seirbhíse chomhroinnte ar féidir leo iad a thabhairt cothrom le dáta lena chinntiú go bhfuil siad cruinn.

Leagadh freagracht ar Leas-Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha as ról an Rialaitheora Sonraí agus leagadh cúram an Oifigigh Cosanta Sonraí ar an Oifigeach Slándála.

D'fhonn cloí leis an bprionsabal seo, ba chóir don fhoireann an méid seo a leanas a chinntiú:

- gur cuireadh chun feidhme go hiomlán an ceanglas ginearálta maidir le sonraí pearsanta a choinneáil cothrom le dáta;
- gur leor na nósanna imeachta de láimh agus na nósanna imeachta ríomhaireachta lena chinntiú go bhfuil na sonraí an-chruinn;
- go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear athbhreithniú agus iniúchadh tréimhsiúil, lena chinntiú go gcoimeádtar gach mír sonraí cothrom le dáta;
- go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta atá ar seilbh cruinn, lena n-áirítear taifid a athbhreithniú go rialta, na réimsí a aithint inar minice a dtarlaíonn botúin agus oiliúint a sholáthar, etc.
- go bhfuil sé de cheart ag gach duine go ndéanfaí faisnéis mhícheart a cheartú nó a scriosadh. Míneoidh an fhoireann tacaíochta conas is féidir leo idirghníomhú agus cuidiú le comhghleacaithe (agus daoine eile) chun cruinneas na sonraí a chinntiú.

# Prionsabal 5 coinneáil agus stóráil

**níor cheart sonraí pearsanta a choimeád ar feadh níos faide ná mar is gá ar mhaithe leis na cuspóirí dár bailíodh iad, ná mar a cheanglaítear faoin dlí nó faoi chúinsí eile**

Tá Beartas Coinneála agus Diúscartha Taifead againn ina leagtar amach cé chomh fada is a choinneofar catagóirí éagsúla taifead.

Go ginearálta, bíonn an tréimhse choinneála i leith sonraí laistigh den Oifig faoi réir forálacha reachtacha a bhaineann leis an réimse atá i gceist nó le riachtanais ghnó. Mar shampla, ní choimeádfaí sonraí a bhaineann le fostaithe ach chomh fada agus a cheadaítear faoin reachtaíocht lena gclúdaítear fostóirí/fostaithe, i measc eile.

I gcás taifid iniúchta, ceanglaítear faoi na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta nach mór fianaise a bheith againn chun tacú lenár dtuairimí agus ár dtuairiscí. Fágann sé sin nach mór sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnta ama tar éis iniúchadh agus scrúdú a chur i gcrích. Is iondúil go gcoimeádtar taifid a bhaineann le hiniúchtaí agus scrúduithe ar feadh tréimhse seacht mbliana tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt ar an ábhar. Is féidir síneadh ama a chur leis an tréimhse sin i gcúinsí áirithe.

Tá sé de dhualgas orainn faoin dlí údarú a lorg ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta maidir le scriosadh na dtaifead go léir atá faoi réir na reachtaíochta sin. Scriosaimid taifid a bhaineann le hiniúchtaí agus scrúduithe, de réir na reachtaíochta agus de réir an Bheartais Coinneála agus Diúscartha atá againn. Tá gabháil agus coinneáil píosaí CCTV san áireamh sa bheartas sin.

# Prionsabal 6 slándáil agus rúndacht

**bearta slándála, idir chinn theicniúla agus chinn eagrúcháin a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta a chosaint ó chineálacha éagsúla sáruithe sonraí**

Ní mór ardchaighdeáin slándála, idir shlándáil fhisiceach agus slándáil theicniúil, a bheith i bhfeidhm chun rúndacht sonraí pearsanta a chosaint. Bímid ag súil leis na caighdeáin is airde slándála faisnéise agus sonraí ónár bhfoireann go léir. Chun na críche sin tá bearta slándála cuí i bhfeidhm againn, lena n-áirítear, i measc eile,

- a chinntiú go bhfuil an rochtain ar fhaisnéis teoranta do bhaill foirne údaraithe agus nach gclúdaítear léi ach an fhaisnéis sin is gá chun a gcuid dualgas ceaptha a chomhlíonadh
- áitribh a choinneáil slán, go háirithe nuair nach mbíonn duine ar bith iontu
- a chinntiú go bhfuil córais ríomhaire slán i dtaobh rochtain fhisiceach orthu agus go mbíonn an rochtain orthu faoi rialú
- srian a chur ar an rochtain ar ár gcórais ríomhairí trí úsáid a bhaint as pasfhocail (lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le slándáil na bpasfhocal), rialú ar chearta rochtana agus faisnéis a choinneáil i bhfolach ó dhaoine seachtracha
- a chinntiú go leantar nósanna imeachta cuí chun sonraí pearsanta a aistriú, lena n-áirítear tairseacha gréasáin slána a úsáid agus aistriú slán a dhéanamh ar chomhaid fhisiceacha
- a chinntiú nach stóráiltear sonraí pearsanta ar ríomhairí glúine seachas i gcúinsí eisceachtúla agus go gcoimeádtar slán na sonraí pearsanta atá stóráilte ar chomhaid pháipéir. Criptítear na sonraí go léir a stóráiltear ar ríomhairí glúine agus déantar iad a aistriú chuig an líonra nuair a thugtar an ríomhaire ar ais chuig an gceannoifig
- áiseanna cuí a bheith ann chun dramhábhar rúnda a dhiúscairt
- logaí iniúchóireachta a choinneáil maidir le rochtain léitheoireachta, athruithe, cur le hábhar agus scriosadh ábhair ar an líonra TFC
- beartas a bheith i bhfeidhm maidir le húsáid inghlactha acmhainní agus beartas a bheith i bhfeidhm maidir le gléasanna móibíleacha

# Prionsabal 6 *(ar lean)*

- clásail iomchuí maidir le cosaint sonraí agus rúndacht a chur isteach i socruithe le haon duine nó eagraíocht a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta ar ár son, lena n-áirítear –
    a) na coinníollacha faoina bhféadfar sonraí a phróiseáil
    b) na bearta slándála íosta nach mór do na próiseálaithe sonraí a bheith i bhfeidhm acu
    c) sásraí nó forálacha a chuirfidh ar chumas an rialaitheora sonraí a chinntiú go bhfuil aon phróiseálaí sonraí ag cloí leis na cleachtais slándála, lena n-áirítear an ceart chun cigireacht nó iniúchadh neamhspleách a dhéanamh;
    d) coinneáil/diúscairt: is iondúil go mbíonn na tréimhsí coinneála sonraí atá sainithe inár mbeartas bunaithe ar na forálacha reachtacha a bhaineann leis an réimse atá i gceist, ar riachtanais iniúchóireachta agus ar phrionsabal 5.

Cé gurb é an Rialaitheoir Sonraí atá freagrach ar deireadh thiar faoin dlí as slándáil na faisnéise pearsanta, is freagracht é sin atá comhroinnte le gach ball foirne.

# Cuntasacht

### *An fhreagracht atá ar ár bhfostaithe*

Tá sé de dhualgas ar fhostaithe uile na hOifige a chinntiú go gcomhlíonfar na prionsabail maidir le Cosaint Sonraí agus geallann siad forálacha an Chóid Chleachtais sin a leanúint de réir an bheartais agus na nósanna imeachta atá sonraithe againn.

Tá sé de chúram ar na fostaithe go léir a chinntiú, i gcás aon sonraí a bhfuil rochtain acu orthu, a dhéanann siad a bhainistiú agus a rialú faoina gcuid dualgas laethúil, go ndéanfar an méid sin de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus de réir an Chóid Cleachtais seo.

Más rud é go bhfaightear amach go ndearna fostaithe sárú ar na rialacha maidir le Cosaint Sonraí, d'fhéadfadh sé go gcinnfí go bhfuil siad ag gníomhú de shárú ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, nó, i gcúinsí áirithe, go bhfuil cion á dhéanamh acu faoi na hAchtanna sin. Ina theannta sin, déantar foráil leis an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963 maidir le smachtbhannaí agus fíneálacha i ndáil le sáruithe ar rúndacht faisnéise. D'fhéadfadh gach fostaí agus gach iarfhostaí de chuid na hOifige a bheith cuntasach i ndáil leis na sonraí go léir a dhéanann siad a phróiseáil, a bhainistiú agus a rialú le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh san Oifig.

Tá freagracht ar leith ar na bainisteoirí as oiliúint a chur ar an bhfoireann agus as a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi cheanglais atá leagtha síos faoi bheartais na hOifige maidir le slándáil sonraí. Cinnteoimid go gcuirfear faisnéis ar fáil ar an inlíon a chuirfidh ar chumas na foirne agus na mbainisteoirí cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais seo.  Tá cláir oiliúna curtha i bhfeidhm againn chun cuidiú le baill foirne agus bainisteoirí an cuspóir sin a bhaint amach.

### *Socruithe maidir le rialachas sonraí*

Tá Fóram Slándála bunaithe againn chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas slándála faisnéise agus cosanta sonraí san Oifig. Cuimsítear san Fhóram an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta, daoine eile den lucht ardbhainistíochta agus baill foirne eile de chuid na hOifige. Tá an fhreagracht as cosaint sonraí leagtha againn ar Oifigeach Cosanta Sonraí a thuairiscíonn don Fhóram. Is é ról an Oifigigh Cosanta Sonraí ná:

- an clár cosanta sonraí a choimeád agus a nuashonrú i gcomhair na hOifige
- bainistiú a dhéanamh ar aon iarrataí ar rochtain ó dhaoine is ábhar do na sonraí
- bainistiú a dhéanamh ar aon chásanna ina ndéantar sárú ar shlándáil sonraí nó

ar aon chásanna ina gcailltear sonraí

- comhairle a chur ar an bhfoireann agus cúnamh a thabhairt dóibh maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí agus, nuair is gá, comhairle dlí a choimisiúnú
- maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna agus treorach don fhoireann maidir le cosaint sonraí
- an beartas maidir le cosaint sonraí agus na doiciméid ghaolmhara a choimeád agus a nuashonrú
- comhairle a chur ar an bhfoireann bainistíochta faoi chomhlíonadh na reachtaíochta
- bainistiú a dhéanamh ar iniúchtaí ar shonraí pearsanta má iarrann an fhoireann bainistíochta é sin.

Chun cáilíocht na sonraí a choinníonn an Oifig a áirithiú, agus chun féachaint chuige go ndéantar na sonraí sin a rochtain agus a úsáid go cuí faoi théarmaí an Chóid seo, déanfaimid scrúduithe agus athbhreithnithe ar nósanna imeachta maidir le Cosaint Sonraí mar chuid dár bpróiseas comhlíontachta leanúnach.

Déantar na rioscaí a bhaineann le stóráil, láimhseáil agus cosaint faisnéise pearsanta a bhainistiú tríd an bpróiseas bainistíochta riosca atá againn.

Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún Cosanta Sonraí iniúchtaí seachtracha a dhéanamh go tréimhsiúil ar gach gné den Chosaint Sonraí laistigh den Oifig.

### *Prótacal maidir le Sáruithe a Thuairisciú*

Sainmhínítear sárú ar shonraí mar shonraí pearsanta a cuireadh i mbaol nochtadh, caillteanas, scriosadh nó athrú neamhúdaraithe, cibé i bhfoirm sonraí de láimh nó i bhfoirm leictreonach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na sáruithe sin rochtain mhíchuí ar fhaisnéis phearsanta ar chórais na hOifige nó faisnéis phearsanta a sheoladh chuig an duine mícheart.

Má dhéantar aon sárú ar an gcód cleachtais nó ar cheanglais reachtúla na nAchtanna um Chosaint Sonraí, ní mór ár bPlean Bainistíochta Sáraithe a leanúint. Sa chás inar tharla sárú ar shonraí, ní mór an Coimisiún Cosanta Sonraí a chur ar an eolas gan moill mhíchuí agus laistigh de 72 uair an chloig tar éis don sárú teacht chun solais. Tá faisnéis maidir le nósanna imeachta um shárú ar fáil ar an leathanach maidir le Cosaint Sonraí ar Chlár na bhFógraí.

### *Clárú*

Tá an Oifig cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Gach bliain, cuirimid ar fáil don Choimisiún Cosanta Sonraí liosta de na sonraí pearsanta atá ar seilbh againn agus de na malartuithe sonraí a rinneadh faoin

reachtaíocht náisiúnta, reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus comhaontuithe idirnáisiúnta ceangailteacha eile.

# Aguisín 1

**Sainmhínithe ar fhocail nó frásaí a úsáidtear maidir le cosaint sonraí pearsanta, dá dtagraítear i dtéacs an chóid cleachtais**

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí –** Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, deonaítear cearta do dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí a leagan ar na daoine a mbíonn sonraí pearsanta á láimhseáil, á bpróiseáil, a mbainistiú agus á rialú acu. Ní mór do gach ball foirne san eagraíocht cloí le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus iad ag bailiú faisnéis phearsanta, á stóráil agus ag obair léi. Tá feidhm aige sin maidir le faisnéis phearsanta a bhaineann le fostaithe na heagraíochta agus freisin maidir le daoine a idirghníomhaíonn leis an eagraíocht.

**Sonraí –** Faisnéis i bhfoirm is féidir a phróiseáil. Áirítear leo sonraí uathoibrithe nó sonraí leictreonacha (aon fhaisnéis ar ríomhaire nó aon fhaisnéis arna taifeadadh faoin rún í a chur ar ríomhaire) agus sonraí de láimh (faisnéis arna taifeadadh mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha nó faoin rún go mbeadh sí ina cuid de chóras comhdúcháin ábhartha).

**Córais Chomhdúcháin Ábhartha –** Mheasfaí gurb ábhartha é aon tacar faisnéise arna eagrú de réir ainm, UPSP (más infheidhme in eagraíocht), uimhir phárolla, uimhir fostaí nó dáta breithe nó aon aitheantóir uathúil eile.

**Sonraí Pearsanta** – Ciallaíonn sonraí pearsanta sonraí a bhaineann le duine aonair beo is aitheanta nó is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta faisnéis eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí, nó ar dócha go mbeidh sí i seilbh an rialaitheora sonraí.

**Iarraidh ar Rochtain** – An cás ina n-iarrann duine ar an eagraíocht go nochtfaí sonraí pearsanta an té sin.

**Próiseáil Sonraí** – Aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéanamh ar shonraí, lena n-áirítear:

- Na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choinneáil;
- Na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú;
- Na sonraí a aisghabháil, a cheadú nó a úsáid;
- Na sonraí a nochtadh trína dtarchur, a scaipeadh nó a chur ar fáil ar shlí eile;
- Na sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a bhlocáil, a léirscriosadh nó a scriosadh.

**Duine is Ábhar do na Sonraí** – Duine aonair is ábhar do na sonraí pearsanta.

**Rialaitheoir Sonraí** – Duine a rialaíonn (cibé ina aonar nó le daoine eile) inneachair agus úsáid sonraí pearsanta.

**Próiseálaí Sonraí –** Duine a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann rialaitheoir sonraí, ach ní fholaíonn sé rialaitheoir sonraí a phróiseálann sonraí den sórt sin i gcúrsa a chuid fostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh fostaí de chuid eagraíochta dá ndéanann an rialaitheoir sonraí obair a sheachfhoinsiú a bheith i gceist leis sin. Leagtar freagrachtaí faoin Acht ar na heintitis sin maidir leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar na sonraí.

# Aguisín 2

**An Reachtaíocht um Chosaint sonraí a Fhorfheidhmiú**

*Ról an Choimisiúin Cosanta Sonraí*

Bunaíodh oifig neamhspleách an Choimisiúin Cosanta Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Is é an Rialtas a cheapann an Coimisiún agus bíonn sé neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Is é feidhm an Choimisiúin Cosanta Sonraí ná a chinntiú go gcomhlíonann na daoine a choinníonn sonraí pearsanta maidir le daoine aonair forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Coimeádann an Coimisiún clár, atá ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal, ina dtugtar sonraí ginearálta faoi na cleachtais láimhseála sonraí atá ag raon rialaitheoirí sonraí, amhail Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí airgeadais.

Tá raon leathan cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil na prionsabail maidir le Cosaint Sonraí á gcomhlíonadh. Áirítear orthu sin fógraí dlíthiúla a sheirbheáil lena gcuirtear iallach ar rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar is gá chun cuidiú le fiosruithe a láimhseáil, iallach a chur ar rialaitheoir sonraí foráil atá sna hAchtanna a chur chun feidhme, etc.

Ina theannta sin, déanann an Coimisiún Cosanta Sonraí imscrúdú ar ghearáin ón bpobal i gcoitinne maidir le sonraí pearsanta agus tá cumhachtaí forleathana aige sa réimse sin.  Mar shampla, féadfaidh an Coimisiún oifigigh a údarú chun dul isteach in áitreabh agus chun iniúchadh a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar seilbh ar ríomhaire nó ar chórais ábhartha um chomhdú páipéir.
Más mian le daoine den phobal gearáin fhoirmiúla a dhéanamh, is féidir leo scríobh chuig Oifig an Choimisiúin Cosanta Sonraí, Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúl an tSúdaire, Co. Laoise, nó ríomhphost a chur chuig info@dataprotection.ie.

I gcás ina dtiocfaidh aon fhostaí, i ngnáthchúrsa a chuid dualgas nó a cuid dualgas, ar an eolas go bhféadfadh sé go bhfuil na hAchtanna á sárú ag duine, lena n-áirítear fostaithe de chuid na hOifige, nó go bhfuil cion déanta nó á dhéanamh ag an té sin, ba cheart dóibh é sin a thuairisciú don Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá údarás tarmligthe ag an mBord Iniúchóireachta do Leas-Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha mar Rialaitheoir Sonraí i leith na hOifige. Má fhaightear rialaitheoir sonraí ciontach i gcion faoi na hAchtanna féadfar fíneáil suas le €50,000 a chur air nó uirthi nuair a chiontaítear é nó i agus/nó d'fhéadfadh sé go n-ordófaí dó nó di bunachar sonraí iomlán nó cuid de a scriosadh más ábhartha don chion.

**Teagmhálaithe Úsáideacha**

### Comhairle/Cúnamh

Ba cheart gach iarraidh ar chomhairle agus cúnamh maidir le saincheisteanna cosanta sonraí laistigh den Oifig a chur chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh teagmhála thíos.

### Iarraidh a dhéanamh ar Rochtain ar Shonraí Pearsanta

Ba cheart iarrataí ar shonraí pearsanta a dhéanamh i scríbhinn chuig:

**An tOifigeach Cosanta Sonraí**
**Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas**
**agus Ciste**
3A Sráid An Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1,
D01 PF72

Teileafón (01) 863 8600 nó ríomhphost dpo@audit.gov.ie

### Freagraí ar Iarrataí

Nuair a fhaightear iarraidh bhailí ní mór don Oifig freagra a thabhairt uirthi laistigh de 30 lá, fiú mura bhfuil sonraí pearsanta ar seilbh.

### Tuilleadh Eolais

An Coimisiún Cosanta Sonraí

Teileafón: 1890 252231,
http://www.dataprotection.ie
info@dataprotection.ie

**Cosaint**
**Sonraí Pearsanta**

Cód Cleachtais